**2019/2207(INI)**

12.10.2020

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar chur chun feidhme an Bharántais Gabhála Eorpaigh agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit
(2019/2207(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Paulo Rangel

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go leanann an Barántas Gabhála Eorpach (BGE), mar gheall ar an nasc idir é agus saoránacht AE, go leanann sé ó shaorghluaiseacht daoine bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh; de bhrí gur coinníoll *sine qua non* d’fheidhmiú éifeachtach BGE é muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit, agus go bhfuil urraim chomhroinnte do chearta bunúsacha mar a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh mar bhonn taca aici;

B. de bhrí gur chuir imní faoi easpa neamhspleáchais na n-údarás breithiúnach náisiúnta agus faoi choinníollacha coinneála i roinnt Ballstát leis an mbonn a bhaint ó mhuinín fhrithpháirteach le blianta beaga anuas;

C. de bhrí gurbh iad údaráis na Ríochta Aontaithe a bhí freagrach as líon suntasach BGEnna a eisiúint agus a fhorghníomhú; de bhrí go luaitear sa Dearbhú Polaitiúil maidir leis an gcaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus AE sa todhchaí go bhforálfar ‘d’fhorfheidhmiú dlí agus comhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla a bheidh cuimsitheach, dlúth, cothrom agus cómhalartach’;

D. de bhrí go bhfuil socruithe nua maidir le comhar ceartais choiriúil idir AE agus an Ríocht Aontaithe fós faoi chaibidil;

E. de bhrí go bhfágann tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE go bhfuil Airteagal 10(4) agus (5) de Phrótacal 36 CAE imithe i léig;

1. á mheabhrú gur ionstraim rathúil don chomhar breithiúnach é an Cinneadh Réime maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach (CRBGE), lena mbunaítear ceann de na hionstraimí is sine atá bunaithe ar aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla, ar ionstraim í a bhfuil simpliú suntasach mar thoradh uirthi, agus gur chuidigh sí le dlús a chur le nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit AE i gcomparáid le córais thraidisiúnta um chomhar eiseachadta idir dlínsí éagsúla;

2. ag aithint gur cloch choirnéil de limistéar Eorpach na saoirse, na slándála agus an cheartais é CRBGE, agus go bhfuil sé fíorthábhachtach é a chur chun feidhme i gceart chun comhar rianúil a áirithiú idir údaráis um fhorghníomhú an dlí;

3. ag aithint go bhfuil cur chun feidhme CRBGE tar éis córais dlí i roinnt Ballstát a chur faoi bhrú, go háirithe maidir le heiseachadadh a náisiúnach féin; á thabhairt dá aire gur léiríodh le CRBGE difríochtaí náisiúnta ollmhóra sa dlí coiriúil substainteach agus nós imeachta;

4. á chreidiúint go bhfuil urraim na mBallstát don smacht reachta agus do chearta bunúsacha níos tábhachtach fós, go háirithe maidir le cearta nós imeachta, mar gheall ar an ngné trasteorann de líon méadaithe coireanna, lena n-áirítear na coireanna sin a

bhaineann leis an éilliú, leis an ngáinneáil, le coireanna digiteacha, le damáiste don chomhshaol agus le foréigean inscnebhunaithe;

5. á thabhairt chun suntais go méadaíonn deireadh éifeachtach na mbeart idirthréimhseach Ceartais agus Gnóthaí Baile faoi Theideal VII de Phrótacal 36 de CAE freagracht na mBallstát, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis atá cumhdaithe in Airteagal 4(3) CAE, staonadh ó aon bheart a ghlacadh a chuirfeadh baint amach chuspóirí an Aontais i gcontúirt, lena n-áirítear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 CAE;

6. á thabhairt dá aire go bhfuil cur chun feidhme BGE fós ag feidhmiú faoi bhun lánacmhainneachta i ngeall ar easpa muiníne idir na Ballstáit; á áitiú go bhfuil na Ballstáit freagrach as ardleibhéal muiníne frithpháirtí a áirithiú, rud atá bunaithe ar a n-oibleagáid na Conarthaí, Cairt um Chearta Bunúsacha agus reachtaíocht AE a urramú, agus ar a n-institiúidí a bheith ag cloí le luachanna AE, lena n-áirítear an urraim don smacht reachta (Airteagal 2 CAE);

7. á chur i bhfáth go bhfuil prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ar a bhfuil córas BGE bunaithe, bunaithe é féin ar mhuinín na mBallstát go bhfuil a gcórais náisiúnta dlí faoi seach in ann cosaint choibhéiseach agus éifeachtach a sholáthar do na cearta bunúsacha a aithnítear ar leibhéal AE, go háirithe sa Chairt;

8. á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, maidir le BGE, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit ardleibhéal cosanta a áirithiú do chearta nós imeachta agus cearta bunúsacha agus urraim don smacht reachta, chomh maith le neamhspleáchas a breithiúna a áirithiú, chun cosaint dlí éifeachtach a ráthú; á thabhairt dá aire forbairtí suntasacha i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) lenar deimhníodh na prionsabail sin;

9. á thabhairt chun suntais go gcuirfear le neartú muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit trí bhunú sásra AE maidir le daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha, agus ar an gcaoi sin feabhas á chur ar fheidhmiú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh;

10. á thabhairt dá aire go ndéanann aon sárú ar luachanna AE a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE ag Ballstát cur i bhfeidhm CRBGE a chur i mbaol tríd an muinín sin a laghdú; ag áitiú, dá bhrí sin, gur cheart a áirithiú go n-urramófar na luachanna sin trí gach sásra faireacháin agus ceartaitheach atá ar fáil a imlonnú;

11. á thabhairt dá aire ina leith sin an Tionscnamh um Timthriall Athbhreithniúcháin an Smachta Reachta a d'fhógair an Coimisiún i mí Iúil 2019, agus an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta lena gcumhdaítear na Ballstáit uile an 30 Meán Fómhair 2020;

12. á mheas gur cheart anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm CRBGE i gcomhthéacs na meicníochta sin a bhunú; á iarraidh ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh ar a 'Lámhleabhar maidir le conas barántas gabhála Eorpach a eisiúint agus a fhorghníomhú' chun forbairtí suntasacha dlí-eolaíocha maidir leis an ábhar sin a léiriú;

13. á chreidiúint gur gá bearta cothrománacha breise a ghlacadh chun muinín fhrithpháirteach sna córais cheartais náisiúnta a mhéadú, agus ar an mbealach sin comhar breithiúnach níos éifeachtúla a bhaint amach;

14. á chur i bhfios, ina leith sin, an ról tábhachtach atá ag gníomhaireachtaí, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus ag tionscnaimh, amhail bunú an ghrúpa comhordúcháin BGE le déanaí, a bhfuil sé mar aidhm aige muinín fhrithpháirteach a fhorbairt;

15. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ráthaítear do gach duine atá faoi réir BGE a gcearta nós imeachta, lena n-áirítear na cearta chun faisnéise maidir le nósanna imeachta, chun comhairle a fháil agus chun ionadaíocht dhlíthiúil, cúnamh dlíthiúil, agus ateangaireacht agus aistriúchán a fháil;

16. ag cur béim ar an bhfíoras, a luaithe a chomhlíonfar ceanglais nós imeachta maidir leis na cionta a liostaítear in Airteagal 2(2) de CRBGE, gur cheart go mbeadh feidhm iomlán ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, agus gur cheart aon eisceacht a léirmhíniú go sriantach, gan substaint na gcúiseamh a mheas,

17. á chur i bhfios gur gá tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm CRBGE agus gur cheart go n-áireofaí leis sin cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras a chur chun feidhme tuilleadh, ráthaíochtaí maidir le caighdeáin íosta a urramú maidir le dálaí príosúin, prionsabal *ne bis in idem* a chur i bhfeidhm, agus na rialacha maidir le barántas gabhála a fhorghníomhú más mionaoiseach é an duine is ábhar do BGE agus nach féidir, mar gheall ar a n-aois, a bheith freagrach go coiriúil as na gníomhartha ar a bhfuil an barántas gabhála bunaithe faoi dhlí an Bhallstáit;

18. á mheabhrú gur glacadh CRBGE trí úsáid a bhaint as an modh comhair idir-rialtasach faoin tríú colún a bhí ann roimhe seo maidir le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla; ag aithint go bhfuil buntáistí ag gabháil le CRBGE a thabhairt go hiomlán faoi Chonradh Liospóin mar rialachán AE de réir bhrí Airteagal 288 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Phrótacal 36 CAE, rud a cheadaíonn do Pharlaimint na hEorpa gníomhú mar chomhreachtóir;

19. á chur in iúl go bhfuil sé deimhin de go gcinnteodh an phróisis ‘Liospóinithe’ sin go mbeadh tairbhí suntasacha ann maidir le dlisteanacht dhaonlathach, deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, go gcuirfí le comhleanúnachas le hionstraimí dlí coiriúla eile agus go bhféadfaí ‘údarás breithiúnach’ a shoiléiriú mar choincheap uathrialach i ndlí an Aontais; á chreidiúint gur cheart go bhforálfaí leis an bpróiseas sin, *inter alia*, d’oibleagáid a chur ar an údarás eisiúna tástáil chomhréireachta a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, forais shainráite a bhunú maidir le diúltú duine a thabhairt suas i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE agus le Cairt um Chearta Bunúsacha, foráil a dhéanamh d’oibleagáidí sainráite do na Ballstáit chun tuairisciú ar an gcaoi a n-eisíonn siad BGEnna agus a bhforghníomhaíonn siad iad, agus chun cumhachtaí forfheidhmithe an Choimisiúin a fheabhsú; á mheabhrú, áfach, nár cheart an comhtháthú sin a dhéanamh ar mhaithe le feabhas mear a chur ar chur i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair;

20. á mholadh, ina leith sin, go dtionólann an Pharlaimint éisteachtaí rialta leis na Ballstáit agus le Eurojust le linn an téarma reachtaigh reatha chun idirphlé agus trédhearcacht a mhéadú maidir le cur i bhfeidhm CRBGE;

21. ag tacú le hathbhreithniú ar liosta na gcionta a liostaítear in Airteagal 2(2) de CRBGE i gcomhréir leis an taithí ábhartha lena chur i bhfeidhm;

22. á chur i bhfáth go bhfuil tosaíocht i gcónaí ag Cairt um Chearta Bunúsacha, mar fhoinse dlí phríomha, ar aon phíosa reachtaíochta tánaistí maidir le BGE; á áitiú, mar a luaitear in Airteagal 51(1) den Chairt, nach mór do na Ballstáit agus, dá bhrí sin, dá gcúirteanna, an Chairt a urramú agus dlí AE á chur chun feidhme acu, rud a tharlaíonn nuair atá an t-údarás breithiúnach eisiúna agus an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach ag cur i bhfeidhm fhorálacha an dlí náisiúnta a glacadh chun CRBGE a thrasuí; den tuairim, dá bhrí sin, nach bhféadfadh tabhairt suas uathoibríoch a bheith indéanta ar chor ar bith, mar a dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mbreithiúnas Aranyosi (C-404/15); á áitiú go bhfuil gá i gcónaí le rialú breithiúnach chun a fhíorú, *inter alia*, gur glacadh cinneadh dleathach, gur ghlac údarás inniúil leis, agus gur urramaíodh cearta bunúsacha; á thabhairt dá aire, i gcás ina bhfuil fianaise ag údarás breithiúnach an Bhallstáit fhorfheidhmithe go bhfuil fíorbhaol ann go ndéanfaí cearta bunúsacha a shárú sa Bhallstát eisiúna, go bhfuil sé de cheangal ar an údarás breithiúnach sin a mheas an ann don riosca sin nuair a iarrtar air cinneadh a dhéanamh maidir le duine a thabhairt suas d'údaráis an Bhallstáit eisiúna;

23. á thabhairt dá aire go gcruthaíonn tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach deiseanna chun an limistéar ceartais choiriúil a aontú tuilleadh; á mheabhrú go luaitear sa Dearbhú Polaitiúil maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí go bhforálfar 'd'fhorfheidhmiú dlí agus comhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla a bheidh cuimsitheach, dlúth, cothrom agus cómhalartach';

24. á thabhairt le fios go mbeidh ar na páirtithe filleadh ar Choinbhinsiún Eorpach 1957 um Eiseachadadh ó Chomhairle na hEorpa, ar coinbhinsiún é a bheidh i bhfad níos moille ná nósanna imeachta polaitiúla agus taidhleoireachta, mura nglacfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhaontú nua um eiseachadadh mar chuid de chomhaontú foriomlán comhpháirtíochta faoi dheireadh na hidirthréimhse;

25. á áitiú nach mór a ngealltanais maidir le cearta bunúsacha, chomh maith le ról CBAE ar an ábhar seo, a bheith, *inter alia*, mar bhonn d'aon chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le réimse an chomhair ceartais choiriúil, lena n-áirítear go leanfadh an Ríocht Aontaithe de bheith ag cloí leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus é a chur chun feidhme, urraim do phrionsabal *ne bis in idem* agus do chearta nós imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 12.10.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 5<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gerolf Annemans, Gabriele Bischoff, Damian Boeselager, Geert Bourgeois, Fabio Massimo Castaldo, Leila Chaibi, Włodzimierz Cimoszewicz, Gwendoline Delbos-Corfield, Pascal Durand, Daniel Freund, Charles Goerens, Esteban González Pons, Sandro Gozi, Brice Hortefeux, Laura Huhtasaari, Giuliano Pisapia, Paulo Rangel, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Helmut Scholz, Antonio Tajani, László Trócsányi, Mihai Tudose, Loránt Vincze, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jorge Buxadé Villalba, Sophia in ‘t Veld, Miapetra Kumpula-Natri |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 23 | + |
|---|---|
| GUE/NGL | Leila Chaibi, Helmut Scholz |
| NI | Fabio Massimo Castaldo |
| PPE | Esteban González Pons, Brice Hortefeux, Paulo Rangel, Antonio Tajani, László Trócsányi, Loránt Vincze, Rainer Wieland |
| RENEW | Pascal Durand, Charles Goerens, Sandro Gozi, Sophia in 't Veld |
| S&D | Gabriele Bischoff, Włodzimierz Cimoszewicz, Miapetra Kumpula Natri, Giuliano Pisapia, Domènec Ruiz Devesa, Mihai Tudose |
| VERTS/ALE | Damian Boeselager, Gwendoline Delbos Corfield, Daniel Freund |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Jorge Buxadé Villalba |
| ID | Gerolf Annemans, Laura Huhtasaari, Antonio Maria Rinaldi |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |